# Lá Oscailte na Seirbhísí Éigeandála


Eochairfhocail: seirbhísí éigeandála, an bhriogáid dóiteáin, taispeántais, ag obair as lámha a chéile, deacracht

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:


1. An raibh dea-aimsir ann ar Inis Mór an lá sin?
2. Cén t-ainm a bhí ar an lá speisialta seo ar Inis Mór?
3. Ainmnigh dhá ghrúpa daoine a tháinig amach le féachaint ar obair na seirbhísí éigeandála?
4. Ar tharla ócáid mar seo cheana ar an oileán?
5. Cad a léirigh lucht na seirbhísí éigeandála do mhuintir an oileáin, dar leis an Sairsint Eoin Ó Máille?
6. Luaigh dhá míbhuntáiste a luaigh Rónán Mac Giolla Phádraic a bhaineann le bheith i do chónaí ar oileán?
7. Cérbh í an deacracht ba mhó a bhí ag na seirbhísí éigeandála le linn Stoirm Éowyn?
8. Cad atá á lorg ag muintir an oileáin anois, dar le Treasa Ní Bhraonáin?
9. Breac síos liosta iomlán de na feithiclí a raibh cead ag Aoibhín Ní Fhlatharta agus a cairde dul isteach iontu.
10. Cathain a bhí Gardaí ar mhuin capaill go deireanach ar an oileán?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:



Críochnaigh an abairt

| | |
|---|---|
| Bhí Lá Speisialta na Seirbhísí Éigeandála ar siúl | Mór a bhí na taispeántais ar siúl |
| Ba ar Inis | uaireanta |
| Léirigh muintir an oileáin an-spéis i | le déanaí |
| Theastaigh ó lucht na seirbhísí éigeandála a léiriú do mhuntir na n-oileán go mbeidís | den chéad uair ón mbliain 1911 |
| Baineann deacrachtaí le bheith i do chónaí ar oiléan | dtaispeántais éagsúla na seirbhísí éigeandála |
| Tharla Stoirm Éowyn ag tús | Lá Speisialta na Seirbhísí Éigeandála i mbliana |
| Bhain daltaí scoile an oileáin sárthaitneamh | na bliana seo |
| Chonacthas Gardaí ar mhuin capaill ar an oileán | as na taispeántais ó na seirbhísí éigeandála |
| Baineann an-tábhacht go deo leis na | seirbhísí éigeandála |
| Bhí drochaimsir cheart ann ar | ann le tacú leo in am an ghátair |



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh anois gur bhain timpiste díot agus tú ag dreapadh na sléibhte i gConamara.

Scríobh cuntas gearr ar an méid a bhain díot agus ar an gcaoi ar tháinig na seirbhísí éigeandála i gcabhair ort. Is leor 200 focal sa chuntas. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an cuntas a scríobh.

| | |
|---|---|
| ag stealladh báistí | talamh sleamhain |
| shleamhnaigh mé | i bpreabadh na súl |
| gan aithne gan urlabhra | an-bhuartha |
| tamall gearr ina dhiaidh sin | níorbh fhada gur |
| faoiseamh | ar shínteán |
| i bpian uafásach | pianmhúcháin láidre |
| ar ais ar mo sheanléim arís | an-bhuíoch de |
| níos curamaí amach anseo | ciall cheannaithe |

Freagraí:

1. Ní raibh
2. Lá Oscailte na Seirbhísí Éigeandála
3. Daltaí scoile agus pobal na n-oileán
4. Níor tharla
5. Thaispeáin siad go raibh siad in ann a bheith ag obair in ainneoin na drochaimsire
6. B'fhéidir go mbeifeá ag fanacht beagáinín níos faide, tionchar ag an aimsir ar rudaí agus bíonn rudaí go dona sa gheimhreadh
7. Deacrachtaí le línte cumarsáide
8. Pontún
9. Heileacaptar, an bhriogáid dóiteáin, an t-otharcharr
10. 1911

